



An tSeirbhís Chúirteanna  
Courts Service

# Plean Straitéiseach 2011-2014

*Seirbhís, Bunathrú chun Feabhais agus Luach ar Airgead a Sheachadadh*



ÁR BHFÍS	ÁR MISEAN	ÁR LUACHANNA
Is í ár bhfís chun eagraíocht den scoth a fhorbairt ag a bhfuil freastal ar riachtanais úsáideoirí na gcúirteanna mar bhunchuspóir.	Na cúirteanna a bhainistiú, tacú leis na breithiúna agus seirbhís ardchaighdeáin agus ghairmiúil a chur ar fáil do gach úsáideoir cúirte.	Seirbhís díriú ar chustaiméirí, tráthúil, cairdiúil, inniúil <b>Macántacht:</b> ionraic, oibiachtúil, cóir, eiticíúil, freagrach <b>Meas:</b> múinte, neamhchlaonta, cineálta

Brollach	Réamhrá
<p>In aimsir mhóréilimh ar sheirbhísí uile an fhearainn phoiblí – ar a bhfuil cur amach ag an tSeirbhís Chúirteanna – iarrtar orainn uile ár gcuid iarrachtaí a dhíriú ar aisfhreagairt agus ar réitigh oiriúnacha a chothabháil agus a fhorbairt. Déanaimid amhlaidh le níos lú acmhainní agus solúbthachta ná mar a bhí againn roimhe seo. Déanaimid amhlaidh agus gan a fhios againn cén acmhainní amach anseo a d’fhéadadh bheith againn lena n-infheistiú sa tSeirbhís Chúirteanna.</p> <p>Próiseas atá i gceist le planáil straitéiseach, é féin, a chabhraíonn le heagraíocht teacht chun cinn; cumarsáid a dhéanamh lena bpáirtithe leasmhara; measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht i leith athrú agus deiseanna a fheabhsú; agus anailísiú a dhéanamh ar cá, conas agus cathain ar cheart dó sprioc a dhéanamh d’iarrachtaí éagsúla. Próiseas de chomhdhíriú atá ann a dhíríonn ar eagraíocht dá gcéad chaibidil eile oibre, dá n-aidhmeanna, gcuspóirí agus do na dúshlán nua a thiocfaidh roimhe.</p> <p>Táim muiníneach, in ainneoin na dteorainneacha uile a leagann an timpeallacht reatha gheilleagrach orainn mar sholáthróirí seirbhísí poiblí, go mbeartaíonn an cur chuige straitéiseach seo i leith seirbhísí amach anseo an meán is fearr lena bhfuil coinne ag an bpobal den tSeirbhís Chúirteanna a bhaint amach: is é sin, bainistíocht fheidhmeach, éifeachtúil agus fhreagrach de na cúirteanna ionas gur féidir ceartas a riar agus a chur chun cinn ar son iad siúd óna dteastaíonn sásamh.</p> <p>Táim ag dréim le hoibriú leis an uile ghrúpa úsáideoirí cúirte agus na pleannanna a leagtar amach sa phlean straitéiseach seo á gcur chun feidhme agus gabhaim buíochas leo siúd uile a chur faisenéis ar fáil dá ábhar agus don leagan amach atá air.</p> <p>Susan Denham Príomh-Bhreitheamh agus Cathaoirleach Bhord na Seirbhíse Cúirteanna</p>	<p>Cuireann an Plean Straitéiseach seo leis an bplean straitéiseach roimhe seo, ina leagtar amach fis fhadtéarmach don tSeirbhís. Cé gur tháinig athrú ar go leor rudaí le trí bliana anuas, is bailí go fóill do na príomhchuspóirí agus do na príomhthosaíochtaí a shainithnítear sa phlean straitéiseach. Réitíodh an Plean seo i ndiaidh comhairliúcháin le réimse fairsing de pháirtithe leasmhara agus táim buíoch díobh siúd uile a d’fhreagair dó seo. Táim ag tnúth le comhoibriú leis an uile pháirtí leasmhar agus na straitéisí ar a dtugtar breac-chuntas á gcur i bhfeidhm.</p> <p>Díríonn an Plean ar ár dtosaíochtaí oibríochtúla agus ar chlár bunathraithe chun feabhais araon a bheartaíonn móthrathuithe a dhéanamh ar ár struchtúir, ár bpróisis agus ár nósanna imeachta. Leagann sé mórghéim ar luach ar airgead agus tá sé ina chuspóir aige an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní uile ar a bhfuil fáil againn trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht phróisis, na deiseanna a chruthaíonn an teicneolaíocht dúinn a uasmhéadú, úsáid níos fearr a bhaint as ár stoc athchóirithe d’fhoirgnimh, ár bhfoireann a fhorbairt agus oibriú le gníomhaireachtaí eile in earnáil an Cheartais d’fhonn tacú le riar an cheartais.</p> <p>Leanfaimid lena chinntiú go gcomhlíonfaimid ár sainorduithe lena mbaineann na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna, faoi chúinsí an-dúshlánach agus deacair geilleagracha. Cuireann an plan seo san áireamh na moltaí ónár dtuarascáil féin, TASC, agus freisin cuireann sé go hiomlán san áireamh Comhaontú na Seirbhíse Poiblí agus Clár an Rialtais. De dheasca na ndúshlán geilleagrach agus na neamhchinnteachtaí a bheidh romhainn amach, beidh orainn athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an bPlean sna trí bliana amach romhainn agus beidh orainn é a oiriúnú le freastal ar na cúinsí athraitheacha.</p> <p>Tá ag an tSeirbhís Chúirteanna tréantaifead, ó bunaíodh iad, maidir le hathrú agus feabhsú seirbhíse a sheachadadh agus táim muiníneach, in ainneoin na ndúshlán atá romhainn, go n-éireoidh linn agus go n-eascróimid mar eagraíocht níos treise agus níos daingne.</p> <p>Brendan Ryan Príomhoifigeach Feidhmiúcháin</p>

## PRÍOMHDHÚSHLÁIN AGUS PRÍOMHDHEISEANNA

*Réitíodh an Plean Straitéiseach seo le linn trátha de neamhchinnteacht gan fasach don tír, don earnáil phoiblí agus don tSeirbhís Chúirteanna. Réitíodh an Plean ar an mbonn go gcuirfear ar fáil an cistiú iomlán chun íoc as costais na dtuarastal do líonta ceadaithe foirne faoin gCreatlach Rialaithe Fostaíochta. Ag an tráth seo, ní fios cén leibhéal acmhainní ar a mbeidh fáil ag an tSeirbhís Chúirteanna sna trí bliana amach romhainn leis na cúirteanna a bhainistiú agus leis an bPlean Straitéiseach seo a chur i bhfeidhm. Cruthóidh laghdúithe breise ar sholáthar foirne agus ar chistiú dúshláin thromchúiseacha maidir le féachaint do na leibhéal seirbhíse a choimeád agus eascróidh an cás as seo go mbeidh orthu machnamh a dhéanamh faoi na seirbhísí a laghdú, lena n-áirítear suíonna cúirte. D'fhéadfadh go mbeadh ar an mBord nua athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean agus é a leasú amhail is cúí.*

- **Líonta Foirne a Laghdú:** Tíocfaidh laghdú ar na leibhéal foirne faoi 181 (17%) ó leibhéal 2008 faoi dheireadh 2014, i gcomhréir leis an gCreatlach Rialaithe Fostaíochta. Cruthóidh seo, mar aon le cailleadh eolais agus saineolais, de bharr go bhfágfaidh baill foirne, dúshláin thromchúiseacha maidir lena chinntiú go n-oibríonn suíonna cúirte go héifeachtúil agus go gcoimeádtar na leibhéal seirbhíse. Ina theannta sin, d'fhéadfadh meanma íseal foirne de bharr laghdúithe ar phá agus ualaí méadaithe oibre tionchar a imirt ar fheidhmiúlacht.
- **Cistiú Laghdaithe:** Laghdaíodh go mór cistiú neamhphá agus caipitiúil ó 2008 i leith. Tá laghdúithe breise ar na bacáin agus cuireann seo bagairt thromchúiseach roimh oibriú na gcúirteanna. Comhsheasmhach leis na costais a laghdú ar an Státchiste lena mbaineann na cúirteanna agus an tSeirbhís a oibriú, féachfaimid leis an ioncam a chruthaítear ó tháillí cúirte agus ó fhoinsí eile a uasmhéadú.
- **Ualach Méadaithe Oibre:** Chruthaigh an cúl geilleagrach breis oibre do na cúirteanna thar réimse limistéar, lena n-áirítear; féimheacht, dlí teaghlaigh agus coireacht. Méadaíonn tabhairt isteach reachtaíochta nua obair na Seirbhíse Cúirteanna chomh maith. Is é Acht na bhFíneálacha, 2010 sampla de seo. Thugamar méadú ar dhlíthí féinionadaithe chomh maith, a ghlacann méid suntasach ama don fhoireann in oifigí na cúirte.
- **Seachadadh Seirbhíse agus Struchtúir a Bhunathrú chun Feabhais:** Tá ag an tSeirbhís líonra geografach d'oifigí agus d'ionaid chúirte atá an-scaipthe, nár tháinig mórán athrú orthu ó bunaíodh an Stát. Tá tús curtha ag an tSeirbhís le clár bunáthraithe móra chun feabhais atá dírithe ar a líonra oifigí, a n-ionaid chúirte agus a struchtúir thacaíochta a réasúnú.
- **Scileanna agus cumas:** Teastaíonn ó obair na gcúirteanna eolas suntasach teicniúil. Ní mór go gcinnteoidh an tSeirbhís go bhfuil ag an bhfoireann ag an uile leibhéal na scileanna, na hinniúlachtaí agus an saineolas riachtanach le tabhairt faoina ndualgais. Ina theannta sin, ní mór dóibh solúbthacht agus soghluaiseacht optamach a bhaint amach ina gcur chun úsáide.
- **Bainistiú Feidhmiúlachta:** Agus leas á bhaint as príomhtháscairí feidhmíochta, agus trí úsáid níos éifeachtaí a bhaint den chóras bainistithe feidhmíochta (PMDS), aistreoimid chuig cur chuige feidhmíocht-bhunaithe i leith bainistíochta a dhéanamh agus acmhainní a dháileadh.
- **Feidhm Fheabhsaithe do Chláraitheoirí Contae:** Féachfaidh an tSeirbhís, ag oibriú leis an Roinn Dlí agus Cirt, le feidhm bhreithnithe Cláraitheoirí Contae a fhairsingiú d'fhonn go ndéanfaidh siad caipitiú ar a scileanna, cáilíochtaí agus saineolas speisialaithe dlí, trí na limistéir a shíneadh inar féidir leo feidhmeanna breithnithe a chleachtadh.
- **Caidreamh Oibre leis na Breithiúna:** Tá ag an tSeirbhís sainordú reachtúil le tacaíocht a thabhairt do na seirbhísí a chuirtear ar fáil do na breithiúna. Ag féachaint chun na cúirteanna a oibriú agus chun tacú leis na breithiúna i dtimpeallacht acmhainní ar a bhfuil laghdú ag teacht, leanfaidh an tSeirbhís le hoibriú go bisiúil leis na breithiúna le dul i ngleic le saincheisteanna a imríonn tionchar ar oibriú éifeachtach na gcúirteanna. Beidh gá le caidreamh dlúth oibre leis na breithiúna lena chinntiú nach n-imreoidh an bac ar acmhainní tionchar diúltach ar oibriú na gcúirteanna.
- **Comhoibriú le Gníomhaireachtaí Earnáil an Cheartais:** Tá oibriú éifeachtach an chórais cheartais choiriúil teagmhasach ar líon gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara a oibríonn go héifeachtach le chéile. Is ann do líon deiseanna a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an gcóras agus córas níos éifeachtaí a dhéanamh de. Oibreoidh an tSeirbhís i gcomhpháirtíocht leis an uile pháirtí leasmhar atá bainteach leis an gcóras ceartais choiriúil le cabhrú le feabhas a chur ar oibriú na gcúirteanna.
- **Próisis:** Le líon blianta anuas, tá go leor cásanna de chleachtas agus de phróisis áitiúla tar éis carnadh in oifigí cúirte. Is ann do ghá práinneach le cleachtas agus le próisis a chaighdeánú agus a shruthlíniú san uile oifig chúirte. Cruthóidh réiteach na saincheiste seo líon sochar, lena n-áirítear; díbirt próiseas neamhéifeachtúil, toradh níos fearr ó infheistíocht oiliúna agus seirbhís níos comhsheasmhaí do chustaiméirí. Ina theannta sin, d'fhéadfaí líon próiseas agus feidhmeanna a lárnú.
- **Teicneolaíocht:** Féachfaidh an tSeirbhís le cumas na dteicneolaíochta faisnéise agus ár láithreáin ghréasáin a uasmhéadú. Faoi réir cistiú, déanfaidh an tSeirbhís níos mó infheistíochta i gcur chun úsáide na teicneolaíochta d'fhonn an tSeirbhís d'úsáideoirí cúirte a fheabhsú agus le feidhmíocht a uasmhéadú.
- **Clár an Rialtais (PFG) agus an Comhaontú Seirbhíse Poiblí (PSA):** Déanann an PFG tagairt do líon tionscnamh a imreoidh tionchar ar an tSeirbhís. Ina measc seo tá; Acht na bhFíneálacha, 2010, an Chomhairle Bhreithiúnach agus an Chúirt Achomhairc Shíbiaalta. Beidh impleachtaí acmhainní acu seo i leith na Seirbhíse agus freagróidh siad go dearfach i dtacú leis na tionscnaimh seo laistigh de na hacmhainní ar a bhfuil fáil. Sainaitníonn an PSA líon mór leasuithe san earnáil phoiblí. Léiríonn Plean Gníomhaíochta na Seirbhíse Cúirteanna toilteanas agus tiomantas chun bheith chun tosaigh maidir le bunathrú chun feabhais a chur ar sheirbhísí poiblí.

## Sprioc 1: Seirbhísí Ardchaighdeáin a Sheachadadh trí Struchtúir agus Próisis Riaracháin a Bhunathrú chun Feabhais

**STRAITÉIS:** Struchtúir riaracháin a bhunathrú d'fhonn a chinntiú go n-oireann struchtúir bhainistíochta agus thacaíochta dá gcuspóir. Athbhreithniú agus caighdeánú a dhéanamh ar na leibhéil de sheirbhís do chustaiméirí a chuirtear ar fáil d'fhonn comhsheasmhacht seachadta a chinntiú. Leanúint ar aghaidh agus feabhsú próisis a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear lárnú roinnt próiseas, le héifeachtúlacht agus luach ar airgead uasta a chinntiú.

Gníomhartha	Aschuir
<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Tabhairt isteach iomlán comhshamhail oifig chúirte chuig láthair shingil arna sainaitheint i ngach contae (bailte contae go príomha)</li> <li>○ Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr na bainistíochta sinsearaí, lena n-áirítear an Stiúrthóireacht agus feidhmeanna réigiúnacha agus moltaí a chur chun feidhme</li> <li>○ Athbhreithniú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhíse thar na dlínsí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus moltaí a chur chun feidhme</li> <li>○ Athbhreithniú agus comhaontú a dhéanamh ar chaighdeáin de sheirbhís do chustaiméirí agus tosaíocht a dhéanamh de sheirbhísí i bhfianaise na n-acmhainní ar a bhfuil fáil.</li> <li>○ Níosann imeachta caighdeánacha a dhearadh agus a chur chun feidhme, mar aon le próisis níos éifeachtúla laistigh de na dlínsí cúirte agus tharstu.</li> <li>○ Na feidhmeanna agus na próisis arna gcomhaontú a lárnú</li> <li>○ Scrúdú a dhéanamh ar na roghanna eile de sheachadadh seirbhíse agus iad a chur i bhfeidhm nuair is cuí.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Úsáid na n-acmhainní ar a bhfuil fáil a uasmhéadú,</li> <li>○ agus leibhéil inghlactha seirbhíse a choimeád i gcomhthráth</li> <li>○ Feidhmíocht agus luach ar airgead feabhsaithe</li> <li>○ Leibhéil chomhsheasmhacha seirbhísí d'úsáideoirí cúirte</li> <li>○ Úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní teoranta</li> <li>○ Lárnú seirbhísí a roghnófar.</li> </ul>

## Sprioc 2: Tacú leis na Breithiúna

**STRAITÉIS:** An tacaíocht a theastaíonn ó na breithiúna a chur ar fáil d'fhonn go mbeidh siad in ann tabhairt faoina gcuid feidhmeanna breithiúnacha

Gníomhartha	Aschuir
<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil (tacaíochtaí taighde, rúnaíochta agus teicniúla) le cur ar a gcumas ag breithiúna a bhfeidhmeanna breithiúnacha a dhíscaoileadh</li> <li>○ Cur lenár gcaidreamh oibre leis na breithiúna le cinntiú go gcoimeádtar córas ceartais atá cóir, cothrom agus éifeachtúil i dtimpeallacht dhúshlánach gheilleagrach</li> <li>○ I gcomhairle leis na breithiúna, féachaint leis an úsáid a bhaintear as uirlisí nua-aimseartha TFC a uasmhéadú i riar an cheartais</li> <li>○ Orduithe na cúirte a phróiseáil go gairmiúil agus go mear.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Gabhann suíonna cúirte ar aghaidh amhail atá siad sceidealaithe</li> <li>○ Úsáid theicneolaíochta sheomra na cúirte arna huasmhéadú le tacú le riar éifeachtach agus éifeachtúil an cheartais</li> <li>○ Orduithe cúirte á réiteach agus seoladh laistigh de na paraiméadair feidhmíochta a comhaontaíodh.</li> </ul>

### Sprioc 3: Tacú lenár Muintir

**STRAITÉIS:** Cumas agus feidhmíocht ár bhfoirne uile a uasmhéadú

Gníomhartha	Aschuir
<ul style="list-style-type: none"> <li>Cláir foghlama agus forbartha a chur chun feidhme, lena n-áirítear tacaíocht theicniúil, don lucht bainistíochta agus don fhoireann</li> <li>PMDS a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos freagrúla i leith riachtanais ghnó</li> <li>Tionscnaimh acmhainní daonna a chur chun feidhme, lena n-áirítear pleanáil comharbais, bainistíocht eolais agus leithdháileadh acmhainní</li> <li>Níos mó solúbthachta agus gluaiseachta i gcur chun úsáide, lena n-áirítear cláraitheoirí cúirte</li> <li>Cumarsáid fheabhsaithe a chur chun feidhme</li> <li>Scéim dámhachtainí neamhairgeadaíochta a chur i bhfeidm d'fhonn sárfeidhmíocht a aithint.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Feidhmíocht fheabhsaithe</li> <li>Eolas feabhsaithe teicniúil</li> <li>Foireann níos inniúla</li> <li>Seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí</li> <li>Cumarsáid, teagmháil agus meanma fheabhsaithe foirne</li> <li>Soghluaiseacht agus solúbthacht níos fearr</li> <li>Aitheantas a thabhairt d'shárfeidhmíocht.</li> </ul>

### Sprioc 4: Tacú le Bainistíocht agus Liostáil Cásanna

**STRAITÉIS:**

Tacú leis na breithiúna maidir leis an gcumas um liostáil agus bainistíocht éifeachtúil ghnó agus shuíonna na cúirte a uasmhéadú. Áireofar leis seo úsáid na scileanna, cáilíochtaí, eolas agus taithí speisialaithe dlí de chuid Cláraitheoirí Contae a uasmhéadú.

Gníomhartha	Aschuir
<ul style="list-style-type: none"> <li>Tograí a fhorbairt agus ionchur a chur ar fáil d'fhorbairt reachtaíochta agus rialacha cúirte a dhírítear ar fheabhas a chur ar riar an cheartais agus ar oibriú na gcúirteanna.</li> <li>Oibriú i gcomhpháirtíocht leis na breithiúna le tograí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir leis na thréimhsí feithimh do thrialacha agus amscálaí um dhiúscairt cásanna a laghdú</li> <li>Tograí d'fheidhmeanna feabhsaithe breithnithe do Chláraitheoirí Contae arna saináithint, cur chun cinn agus arna gcur i bhfeidhm faoi réir chead an Aire, tríd an reachtaíocht chuí</li> <li>Tograí a fhorbairt i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí d'earnáil an cheartais a chuireann le bainistíocht éifeachtach suíonna cúirte</li> <li>Leanúint ar aghaidh agus tograí um réasúnú agus simpliú nósanna imeachta na cúirte a shaináithint agus costais dlíthíochta a laghdú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Laghdú ar thréimhsí feithimh chúirte</li> <li>Laghdú ar mhéid na n-iarratas réamhthrialach a thagann faoi bhráid na mbreithiúna den uile dhlínse</li> <li>An t-am atá ar fáil do bhreithiúna a uasmhéadú chun obair thrialach a dhéanamh</li> <li>Laghdú ar thréimhsí feithimh d'iarratas ar dhiúscairt réamhthrialach</li> <li>Ábhair Theidil an Bhille arna réiteach do Bhille na gCúirteanna a bheartaítear ar bhealach tráthúil</li> <li>Tograí do leasuithe ar rialacha cúirte arna gcur i láthair do choistí rialacha faoi seach ar bhealach tráthúil.</li> </ul>

### Sprioc 5: An úsáid a bhaintear as an uile chóiríocht agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a uasmhéadú

**STRAITÉIS:** A chinntiú go dtugtar faoi ghnó na cúirte i láithreacha a chuireann áiseanna cuí ar fáil don uile úsáideoir cúirte. An líon ionaid chúirte a réasúnú lena chinntiú go réachtáiltear suíonna cúirte in ionaid ina bhfuil áiseanna cuí agus iad siúd a bhaineann amach an luach is fearr ar airgead. Cumas na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide reatha a uasmhéadú, agus, faoi réir acmhainní, breis infheistíochta a dhéanamh i gcur chun úsáide na teicneolaíochta le feabhas a chur ar an tseirbhís d'úsáideoirí cúirte agus ar luach ar airgead.

Gníomhartha	Aschuir
<ul style="list-style-type: none"> <li>○ An líon ionaid agus oifigí cúirte a réasúnú</li> <li>○ A chinntiú go gcomhlíonann ionaid agus oifigí cúirte ceanglais mhíchumais agus sláinte agus sábháilteachta.</li> <li>○ A chinntiú go gcoimeádtar bail mhaith ar fhoirgnimh na cúirte i leith caighdeán inghlactha atá comhsheasmhach leis an bhfáil ar acmhainní</li> <li>○ Clár carntha chaipitil a chur chun feidhme agus an príomhdhíriú ar láithreacha bailte contae</li> <li>○ Leanúint ar aghaidh agus bheith tiomanta do choigilt fuinnimh/d'úsáid fuinnimh nach ndéanann dochar don chomhshaol</li> <li>○ Athrutihe a chur chun feidhme ar chórais TFC d'fhonn tacú le hoibriú Acht na bhFíneálacha</li> <li>○ An líon seirbhísí ar a bhfuil fáil a mhéadú ar líne</li> <li>○ An malartú sonraí go leictreonach le gníomhaireachtaí a idirghníomhaíonn leis an tSeirbhís Chúirteanna a mhéadú</li> <li>○ An úsáid a bhaintear as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide reatha a uasmhéadú, lena n-áirítear teicneolaíocht agus teileafónaíocht</li> <li>○ Cumas an láithreáin ghréasáin agus na n-ardán idirlín a uasmhéadú</li> <li>○ Na deiseanna a chruthaíonn teicneolaíocht shoghluaiste agus na meáin shóisialta a uasmhéadú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Úsáid níos fearr a bhaint as ionaid chúirte agus as spás oifige.</li> <li>○ Leibhéal comhlíonta i dtaca le ceanglais mhíchumais agus Sláinte agus Sábháilteachta</li> <li>○ Fáil ar ionaid chúirte do shuíonna cúirte</li> <li>○ Úsáid laghdaithe fuinnimh agus astuithe laghdaithe carbóin</li> <li>○ Cur chun feidhme Acht na bhFíneálacha</li> <li>○ Méadú ar úsáid seirbhíse ar líne</li> <li>○ Éifeachtúlacht agus feidhmíocht fheabhsaithe</li> <li>○ Úsáid mhéadaithe as teicneolaíocht sheomra na cúirte</li> <li>○ Úsáid fheabhsaithe an láithreáin ghréasáin ag úsáideoirí cúirte.</li> </ul>

### Sprioc 6: Sármaidheas i Rialachas, Freagracht agus i Luach ar Airgead

**STRAITÉIS:** Cur chun feidhme dea-chleachtais um rialachas corparáideach, bainistíocht feidhmíochta agus cleachtais bhainistíochta lena chinntiú go sásaíonn an tSeirbhís a sainordú, go mbaineann sí luach ar airgead amach do chistí an cháiníocóra agus go ndéanann sí rioscaí i leith oibriú na gcúirteanna a bhainistiú.

Gníomhartha	Aschuir
<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Príomhtháscairí comhaontaithe feidhmíochta a úsáid le monatóireacht agus le tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht ar leibhéal corparáideach agus aonaid ghnó</li> <li>○ Buiséadú feidhmíochta a chur chun feidhme ar aon dul le beartas an Rialtais</li> <li>○ Leanúint agus creatlaí éifeachtacha corparáideacha rialachais agus bainistíochta riosca a oibriú</li> <li>○ Leanúint ar aghaidh agus meicníochtaí éifeachtacha buiséadacha agus pleanála gnó a oibriú</li> <li>○ Ioncam a uasmhéadú trí athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar tháillí cúirte.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Freagracht agus trédhearcacht níos fearr</li> <li>○ maidir le feidhmíocht na Seirbhíse</li> <li>○ Cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach</li> <li>○ Leithdháileadh níos fearr acmhainnío Ioncam méadaithe.</li> </ul>



An tSeirbhís Chuirteanna  
Cours Service

# Plean Straitéisíeach 2011-2014

## Seirbhís, Bunathrú chun Feabhais agus Luach ar Airgead a Sheachadadh

**SPRIOC 1**  
Seirbhísí ardchaighdeán a sheachadadh trí struchtúir agus próisis riaracháin a bhunathrú chun feabhais

- ✓ Tabhairt isteach na comhshamhla cúirte a chur i gcrích
- ✓ Athbheithniú a dhéanamh ar Struchtúir SMT agus Réigiúnacha
- ✓ Athbheithniú a dhéanamh ar sheachadadh thar na dílinsí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath
- ✓ Caidhdeáin seirbhíse do chustaiméirí i bhfanaise na n-acmhainní ar a bhfuil fáil a chomhaontú
- ✓ Níosann imeachta agus próisis chaighdeánacha a chur chun feidhme
- ✓ Na feidhmeanna agus na próisis a lárnú

**SPRIOC 2**  
Tacú leis na Breithiúna

- ✓ Na tacalíochtaí riachtanacha a chur ar fáil (tacalíochtaí taighde, rúnalíochta agus teicniúla) do bhreithiúna
- ✓ Cur lenár gcaidreamh oibre leis na breithiúna le hoibriú éifeachtach na gcuirteanna a chinntiú
- ✓ Úsáid theicneolaíocht sheomra na cúirte a uasmhéadú

**SPRIOC 5**  
Úsáid na cóiríochta agus na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide uile a uasmhéadú

- ✓ An líon ionaid agus oifigí cúirte a réasúnú
- ✓ A chinntiú go gcoimeádtar bail mhath ar fhoirgnimh na cúirte i leith caighdeán inghlachta
- ✓ Clár carnta caipitil a chur chun feidhme
- ✓ Leanúint ar aghaidh agus bheith tiomanta do choigilt fuinnimh/d'úsáid fuinnimh nach ndéanann dochar don chomhshaol
- ✓ Athrúithe a chur chun feidhme ar chórais TFC d'fhonn tacú le hoibriú Acht na bhFíneálacha
- ✓ An líon seirbhísí ar a bhfuil fáil a mhéadú ar líne
- ✓ An malartú sonraí go leictreonach le gníomhaireachtaí a idirghníomhaíonn leis an tSeirbhís Chúirteanna
- ✓ An úsáid a bhaintear as TFC reatha a uasmhéadú, lena n-áirítear teicneolaíocht sheomra na cúirte
- ✓ Cumas an láithreáin ghreásáin agus na n-ardán idirlín a uasmhéadú

**SPRIOC 3**  
Tacú lenár muintir

- ✓ Cláir foghlama agus forbartha a chur chun feidhme
- ✓ Tacalíocht theicniúla a chur chun feidhme
- ✓ PMDS a dhéanamh níos éifeachtaí
- ✓ Tionscnaimh bhainistithe daoine a chur chun feidhme
- ✓ Leithdháileadh acmhainnía chur i bhfeidhm
- ✓ Níos mó solúbthachta agus soghluaiseachta a bhaint amach i gcúirteanna agus na foirne

**SPRIOC 4**  
Tacú le bainistíocht agus líostáil cáisanna

- ✓ Tograí thabhairt chun cinn le forbairt a dhéanamh ar reachtarioch agus ar rialacha cúirte
- ✓ Tacú leis na breithiúna leis na téarmaí feithimh a laghdú
- ✓ Tograí d'fheidhmeanna feabhsaithe breithnithe do Chláraitheoirí Contae a fhorbairt
- ✓ I gcomhoibriú le gníomhaireachtaí eamail an cheartais, tacú le bainistíocht éifeachtach suíonna cúirte
- ✓ Tograí do réasúnu agus do shimpliú níosann imeachta na cúirte a shainathint

**SPRIOC 6**  
Sámhaitheas i rialachas, freagracht agus luach ar airgead a sheachadadh

- ✓ Príomhtháscairí feidhmíochta a úsáid le monatóireacht agus le tuairiscí a dhéanamh ar feidhmíocht
- ✓ Buiséadú feidhmíochta a chur chun feidhme
- ✓ Creatlacha éifeachtaacha rialachais
- ✓ Chorpáidigh agus bainistithe ríosca a oibriú
- ✓ Meicníochtaí éifeachtaacha buiséadacha agus pleanála gnó a oibriú
- ✓ Ioncam a uasmhéadú trí athbheithnithe rialta a dhéanamh ar tháillí cúirte